



An Chomhdháil
ar Thodhchaí
na hEorpa

Rialacha Nós Imeachta na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa

Prionsabail Choiteanna

Airteagal 1

Bunaítear na Rialacha Nós Imeachta seo i gcomhréir leis an Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa lena leagtar síos fothaí agus prionsabail na Comhdhála.

Is cleachtadh ón mbun aníos í an Chomhdháil atá dírithe ar shaoránaigh ionas go mbeidh cead cainte ag muintir na hEorpa maidir leis an méid a bhfuil siad ag súil leis ón Aontas Eorpach.

Féadfaidh saoránaigh Eorpacha as gach cúlra agus as gach cearn den Aontas páirt a ghlacadh ann; beidh ról lárnach ag Eorpaigh óga maidir le todhchaí thionscadal na hEorpa a mhúnlú.

Is faoi údarás na trí institiúid atá an Chomhdháil, agus déanfaidh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Uachtarán an Choimisiúin, ag gníomhú dóibh mar Uachtaránacht Chomhpháirteach na Comhdhála, ionadaíocht dóibh.

Beidh struchtúr rialachais seang ina chabhair chun an Chomhdháil a stiúradh. Áiritheofar leis an struchtúr rialachais sin go ndéanfar ionadaíocht chomhionann ar na trí institiúid Eorpacha agus beidh cothromaíocht inscne i gceis leis, ina chomhpháirteanna uile.

Tá an Chomhdháil, rialachas na Comhdhála agus na himeachtaí a eagraítear faoi chuimsiú na Comhdhála bunaithe ar luachanna an Aontais mar a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais Eorpaigh agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh iad, agus beidh sí cuimsitheach, oscailte, trédhearach.

Beidh an Chomhdháil inaitheanta as sainaitheantas aonair agus Cairt Chomhdhála a bheith aici. Is é atá sa Chairt tacar comhphrionsabal agus critéar, a léiríonn luachanna an Aontais Eorpaigh, a mbeidh eagraithe na nimeachtaí i bpáirt leo agus a gcloífidh rannpháirtithe na Comhdhála leo.

Áiritheofar le sásra aiseolais go dtiocfaidh moltaí nithiúla le haghaidh gníomhaíocht ón Aontas Eorpach as smaointe a chuirfear in iúl le linn na Comhdhála.

Raon Feidhme

Airteagal 2

Tá sé d'aidhm ag an gComhdháil cead cainte a thabhairt do na saoránaigh maidir leis na ceisteanna ar mór acu iad.

Ba cheart go léireofaí le raon feidhme na Comhdhála na réimsí ina bhfuil inniúlacht ag an Aontas Eorpach gníomhú nó ina rachadh gníomhaíocht an Aontais chun tairbhe do shaoránaigh na hEorpa.

Mar léiriú ar Chlár Oibre Straitéiseach na Comhairle Eorpaí, ar Threoirlínte Polaitiúla 2019-2024 an Choimisiúin Eorpaigh agus ar na dúshláin a d'eascair as paindéim COVID-19, cumhdófar an méid seo a leanas, i measc nithe eile, sna pléití:

Ichríoch fholláin a chothú, comhrac an athraithe aeráide agus na dúshláin comhshaoil, geilleagar a fhóireann do dhaoine, cothroime shóisialta, comhionannas agus dlúthpháirtíocht idirghlúine, claochlú digiteach na hEorpa, cearta agus luachanna Eorpacha lena n-áirítear an smacht reachta, dúshláin imirce, an tslándáil, ról an Aontais Eorpaigh ar domhan, fothaí daonlathacha an Aontais, agus conas próisis dhaonlathacha lena rialaítear an tAontas Eorpach a neartú. Ina theannta sin, féadfar saincheisteanna trasearnálacha a chumhdach sna pléití, saincheisteanna a bhaineann le cumas an Aontais Eorpaigh tosaíochtaí beartais a bhaint amach, amhail rialáil níos fearr, cur i bhfeidhm na coimhdeachta agus na comhréireachta, cur chun feidhme agus forfheidhmiú an *acquis* agus trédhearcacht.

Beidh sé de shaoirse ag na saoránaigh i gcónaí saincheisteanna eile, ar mór acu iad, a tharraingt anuas.

Rannpháirtíocht na Saoránach

Airteagal 3

An tArdán Digiteach Ilteangach

Is é an tArdán Digiteach Ilteangach a bheidh mar phríomh-mhol le haghaidh rannchuidithe na saoránach agus le haghaidh an eolais maidir leis na codanna éagsúla den Chomhdháil, is é a bheidh mar stóras do na rannchuidithe agus doiciméid uile, mar uirlis idirghníomhach chun smaointe agus ionchur ón iliomad imeachtaí a bheidh ar siúl faoi scáth na Comhdhála a roinnt agus a phlé. Déanfar ionchur ó rannchuidithe ar líne na saoránach agus ó na himeachtaí uile a bhaineann leis an gComhdháil a bhailiú, a anailísiú agus a fhoilsiú tríd an ardán digiteach, agus ar an gcaoi sin áiritheofar trédhearcacht iomlán.

Beidh an t-ardán ar oscailt go díreach do shaoránaigh, don tsochaí shibhialta, do chomhpháirtithe sóisialta agus do gheallsealbhóirí eile, agus do na húdaráis phoiblí ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, ar choinníoll go mbeidh siad i bpáirt le Cairt na Comhdhála agus go n-urramóidh siad í. Tathantaítear ar dhaoine a bhfuil an oiread éagsúlachta is féidir eatarthu agus ar an oiread daoine is féidir páirt a ghlacadh.

Beidh modhnóireacht an Ardáin faoi mhaoirseacht na Comhrúnaíochta, ag gníomhú di thar ceann an Bhoird Feidhmiúcháin.

Airteagal 4

Imeachtaí na Comhdhála

Féadfar imeachtaí a eagrú i raon leathan d'fhormáidí (lena n-áirítear painéil saoránach ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh) arna n-eagrú ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh, ag na Ballstáit nó ag dreamanna eile (mar shampla na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, an tsochaí shibhialta eagraithe, na comhpháirtithe sóisialta, na saoránaigh) faoi scáth na Comhdhála agus i gcomhréir le Cairt na Comhdhála, d'fhonn an pobal is fairsinge is féidir a shroicheadh.

Déanfar torthaí na n-imeachtaí sin a thuairisciú ar an ardán.

Féadfar na himeachtaí Comhdhála sin, agus na cruinnithe fisiciúla sin nó na cruinnithe sin i suíomhanna digiteacha nó i bhformáid hibrideach a eagrú ar leibhéal éagsúla, lena n-áirítear ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, trasnáisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus beidh an tsochaí shibhialta, na comhpháirtithe sóisialta agus na geallsealbhóirí bainteach leo¹. Ba cheart do rannpháirtíocht na saoránach sna himeachtaí sin an éagsúlacht atá san Eoraip a léiriú.

Airteagal 5

Na Painéil Saoránach Eorpach

Eagrófar Painéil Saoránach Eorpach. Beidh líon saoránach ar gach painéal chun a áirithiú go mbeidh ar a laghad saoránach baineann agus saoránach fireann amháin in aghaidh an Bhallstáit ar gach painéal agus prionsabal na comhréireachta céimlaghdaithí a chuirtear i bhfeidhm maidir le comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa á chur san áireamh. Is go randamach a roghnófar na saoránaigh, agus beidh siad ionadaíoch ar éagsúlacht shocheolaíoch an Aontais Eorpaigh, i dtéarmaí tionscnamh geografach, inscne, aois, cúlra socheacnamaíoch agus/nó leibhéal oideachais na saoránach. Beidh aon trian de gach painéal Saoránach comhdhéanta de dhaoine faoi bhun 25 bliana d'aois.

Chomh maith leis an am is gá don ullmhúchán, roinnt faisnéise agus aiseolas, tiocfaidh na painéil sin le chéile le linn seisiúin dhíospóireachtúla, i suíomhanna éagsúla, agus beidh siad tiomnaithe do théamaí sonracha bunaithe ar an raon feidhme a thuairiscítear in Airteagal 2 agus ar rannchuidithe na saoránach ar an ardán digiteach.

Déanfaidh ionadaithe ó gach Painéal Saoránach Eorpach, a mbeidh aon trian ar a laghad díobh faoi bhun 25 bliana d'aois, páirt a ghlacadh sa Chruinniú Iomlánach, agus déanfaidh siad toradh a gcuid pléití a thíolacadh agus iad a dhíospóireacht leis na rannpháirtithe eile.

Cuirfidh na painéil san áireamh na rannchuidithe arna mbailiú faoi chuimsiú na Comhdhála tríd an ardán digiteach, agus ionchur á sholáthar do Chruinniú Iomlánach na Comhdhála trí shraith moltaí a fhoirmlíú a bhféadfaidh an tAontas obair leantach a dhéanamh ina leith.

Déanfaidh Comhchathaoirligh an Bhoird Feidhmiúcháin na módúlachtaí praiticiúla le haghaidh eagrú phainéil Saoránach na Comhdhála a bhunú go comhphárteach, i gcomhréir leis na rialacha reatha agus leis an Dearbhú Comhphárteach, agus cuirfidh siad an Bord Feidhmiúcháin ar an eolas roimh ré.

¹ Féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin rannphárteachas leanaí i bpróiseas na Comhdhála a bhreithniú.

Rialachas na Comhdhála

An Bord Feidhmiúcháin

Airteagal 6

Comhdhéanamh

Tá an Bord Feidhmiúcháin comhdhéanta d'ionadaíocht chomhionann ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún Eorpach, triúr ionadaithe agus suas le ceathrar breathnóirí ag gach ceann díobh.

Beidh Troika uachtaránachta COSAC rannpháirteach mar bhreathnóir buan.

Féadfar cuireadh mar bhreathnóirí a thabhairt freisin do Choiste na Réigiún agus do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chomh maith le hinstiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh agus comhpháirtithe sóisialta i gcás inarb iomchuí².

Airteagal 7

Cúraimí agus módúlachtaí oibre³

Gníomhóidh an Bord Feidhmiúcháin, maidir le gach ábhar a bheidh os a chomhair, trí chomhthoil na naonúr ionadaithe.

Beidh an Bord Feidhmiúcháin freagrach as cinntí a dhéanamh maidir le hobair na Comhdhála (na Cruinnithe Iomlánacha, na Painéil agus an tArdán Digiteach Ilteangach), a próisis agus a himeachtaí, as maoirseacht a dhéanamh ar an gComhdháil de réir mar a bheidh sí ag dul ar aghaidh, agus as cruinnithe Chruinniú Iomlánach na Comhdhála a ullmhú, lena n-áirítear an t-ionchur ó na saoránaigh agus an obair leantach ar na cruinnithe sin.

Tiocfaidh an Bord Feidhmiúcháin ar chomhaontú maidir le tacar comhphrionsabal agus critéar íosta a léireoidh luachanna an Aontais Eorpaigh – ‘Cairt na Comhdhála’ – a bheidh le leanúint ag imeachtaí arna neagrú faoi scáth na Comhdhála, agus maidir le módúlachtaí chun tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí na ngníomhaíochtaí éagsúla arna ndéanamh i gcomhthéacs na Comhdhála, chomh maith le sásraí aiseolais.

Tuairisceoidh an Bord Feidhmiúcháin ar bhonn rialta don Uachtaránacht Chomhpháirteach (Uachtarán Parlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh).

Ní mór 1/3 ar a laghad d'ionadaithe gach comhpháirte den Bhord Feidhmiúcháin (Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach) a bheith i láthair chun go bhféadfar cruinniú a bheith ann agus chun go bhféadfaidh an Bord Feidhmiúcháin gníomhú. Seiceálfaidh na Comhchathaoirligh go bhfuil córam ann. Ní chuirtear breathnóirí buana ná breathnóirí ar tugadh cuireadh dóibh san áireamh agus an córam á ríomh.

² Is iad na heintitis seo a leanas na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha: BusinessEurope, CEC, SGI Europe agus SMEunited.

Tabharfar cuireadh d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta chuig Cruinnithe Iomlánacha na Comhdhála.

³ D'fhéadfadh sé gur mhian leis an mBord Feidhmiúcháin, i rialacha nós imeachta Chruinniú Iomlánach na Comhdhála, tuarascálacha a tharraingt suas agus a fhoilsiú tar éis gach cruinnithe de Chruinniú Iomlánach na Comhdhála.

Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin conclúidí Chruinniú Iomlánach na Comhdhála a tharraingt suas agus a fhoilsíú agus cuirfidh sé toradh críochnaitheach na Comhdhála i láthair i dtuarascáil chuig an Uachtaránacht Chomhpháirteach agus chuig a dtrí institiúid.

Airteagal 8

An Chomhrúnaíocht

Déanfaidh an Chomhrúnaíocht, a bheidh comhdhéanta den líon céanna foirne faoi seach ó Pharlaimint na hEorpa, ó Ardrúnaíocht na Comhairle agus ón gCoimisiún Eorpach, faoi údarás an Bhoird Feidhmiúcháin, gach beart is gá chun feidhmiú cuí an Bhoird Feidhmiúcháin a áirithiú, agus tabharfaidh sí cúnamh d'ionadaithe agus breathnóirí an Bhoird Feidhmiúcháin i gcomhréir leis na rialacha seo.

Freastalóidh comhchinn na Comhrúnaíochta ar chruinnithe uile an Bhoird Feidhmiúcháin.

Tacóidh an Chomhrúnaíocht le heagrú agus nósanna imeachta Chruinniú Iomlánach na Comhdhála agus na bPainéal Saoránach Eorpach.

Cuideoidh an Chomhrúnaíocht leis an mBord Feidhmiúcháin eagrú agus seoladh cuí Chruinniú Iomlánach na Comhdhála a áirithiú.

Gníomhóidh an Chomhrúnaíocht go neamhspleách i gcomhréir leis na rialacha seo.

Airteagal 9

Saineolaithe

Féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin saineolaithe a fhostú agus cuireadh a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh sna cruinnithe agus sna himeachtaí a eagraítear i gcomhthéacs na Comhdhála, go háirithe sna Painéil Saoránach.

Airteagal 10

Fógraí cruinnithe

Is iad na Comhchathaoirligh a chomórfaidh an Bord Feidhmiúcháin.

Airteagal 11

An Féilire agus an Clár Oibre

Tarraingeoidh na Comhchathaoirligh suas an féilire sealadach agus na cláir oibre le haghaidh na gcruinnithe agus cuirfidh siad faoi bhráid an Bhoird Feidhmiúcháin iad lena bhformheas ag tús gach cruinnithe.

Airteagal 12

Doiciméadacht

Déanfaidh an Chomhrúnaíocht an fógra agus an clár oibre sealadach le haghaidh cruinniú den Bhord Feidhmiúcháin, agus aon doiciméid eile a bhaineann leis an gcrúinniú sin, a sheoladh chuig comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin agus chuig na breathnóirí, thar ceann na gComhchathaoirleach, dhá lá oibre ar a dhéanaí roimh dháta an chruinnithe, mura gceanglaítear a mhalairt i gcásanna eisceachtúla práinne.

Féadfaidh aon duine d'ionadaithe an Bhoird Feidhmiúcháin nó aon bhreathnóir rannchuidiú i scríbhinn a dhíriú chuig an mBord Feidhmiúcháin. Scaipfidh an Chomhrúnaíocht na rannchuidithe i scríbhinn sin ar ionadaithe eile an Bhoird Feidhmiúcháin agus ar na breathnóirí.

Ullmhóidh an Chomhrúnaíocht tuarascálacha achomair ar chruinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin agus formhuineoidh Comhchathaoirligh an Bhoird Feidhmiúcháin iad, trí chomhaontú i scríbhinn i gcás inarb iomchuí. Cuirfidh an Chomhrúnaíocht na tuarascálacha achomair ar aghaidh chuig ionadaithe agus breathnóirí an chruinnithe sin agus chuig an Uachtaránacht Chomhpháirteach.

I gcás ina ngníomhóidh an Bord Feidhmiúcháin trí thuarascálacha a eisiúint, cuirtear an focal 'tuarascálacha' isteach sa teideal. Déanfaidh an Chomhrúnaíocht tuarascálacha a thaifeadh faoi shraithuimhir agus le tagairt don dáta a formheasadh iad d'fhonn iad a fhoilsiú ar an Ardán Digiteach Ilteangach.

Airteagal 13

Seoladh na gCruinnithe

Is iad na Comhchathaoirligh a dhéanfaidh cathaoirleacht chomhpháirteach ar chruinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin. Tiocfaidh na Comhchathaoirligh ar chomhaontú maidir le socrúithe cathaoirleachta a roinnt roimh gach cruinniú chun comhionannas eatarthu a áirithiú.

Áiritheoidh Comhchathaoirligh an chruinnithe go seolfar na pléití mar is cuí agus féadfaidh siad aon bheart a dhéanamh a chabhróidh leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an am atá ar fáil a chur chun cinn, amhail an t-ord ina bpléifear na míreanna a eagrú, teorainn a chur leis an am labhartha agus an t-ord ina ndéanann na rannchuiditheoirí idirghabháil a chinneadh.

Féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin, ar thogra ó na Comhchathaoirligh, a chinneadh go heisceachtúil cuireadh a thabhairt do dhaoine eile freastal ar mhír de chlár oibre cruinnithe. Cinnfidh na Comhchathaoirligh cén fhoireann, seachas comhaltaí na Comhrúnaíochta, a fhéadfaidh freastal ar a cruinnithe.

Airteagal 14

An Trédhearcacht

Cuirfear clár oibre shealadacha ar fáil go poiblí sula mbeidh an cruinniú den Bhord Feidhmiúcháin ann. Déanfar an nóta achomair nó doiciméid eile a measann an Bord Feidhmiúcháin a bhfuil gá leo a chur ar fáil go poiblí tar éis an chruinnithe ar an Ardán Digiteach Ilteangach.

Airteagal 15

Suíomh na gcruinnithe

Tiocfaidh an Bord Feidhmiúcháin le chéile in áitreabh na Comhairle, mura gcinnfidh na Comhchathaoirligh a mhalairt⁴. Féadfaidh rannpháirtíocht a bheith i bpearsa nó go cianda, i gcomhréir leis na rialacháin sláinte agus sábháilteachta is infheidhme atá i bhfeidhm. Déanfaidh Comhchathaoirligh an Bhoird Feidhmiúcháin cinneadh maidir leis an ardán leictreonach a roghnófar le haghaidh cruinnithe hibrideacha agus fíorúla.

Cruinniú iomlánach na Comhdhála

Airteagal 16

Comhdhéanamh

Beidh Cruinniú Iomlánach na Comhdhála comhdhéanta de 108 n-ionadaí ó Pharlaimint na hEorpa, 54 ionadaí ón gComhairle agus 3 ionadaí ón gCoimisiún Eorpach⁵, chomh maith le 108 n-ionadaí ó na parlaimintí náisiúnta uile agus iad ar comhchéim, agus de shaoránaigh.

Beidh 80 ionadaí ó na Painéil Saoránach Eorpach, a mbeidh aon trian díobh ar a laghad faoi bhun 25 bliana d'aois, Uachtarán Fhóram Eorpach na nÓg agus 27 n-ionadaí⁶ ó imeachtaí náisiúnta agus/nó ó Phainéil Saoránach náisiúnta rannpháirteach. Is ionann sin agus 108 rannpháirtí ar an iomlán.

Beidh 18 n-ionadaí ó Choiste na Réigiún, 18 n-ionadaí ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, 6 ionadaí tofa ó údarais réigiúnacha agus 6 ionadaí tofa ó údarais áitiúla, 12 ionadaí ó na comhpháirtithe sóisialta agus 8 n-ionadaí ón tsochaí shibhialta rannpháirteach freisin. Tabharfar cuireadh d' Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála nuair a bheidh ról idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh á phlé.

Féadfar cuireadh a thabhairt d'ionadaithe na bpríomh-gheallsealbhóirí freisin.

Déanfar an chothromaíocht inscne a urramú i gcomhdhéanamh Chruinniú Iomlánach na Comhdhála.

Airteagal 17

Cúraimí agus módúlachtaí oibre

Déanfaidh Cruinniú Iomlánach na Comhdhála díospóireacht agus plé ar na moltaí ó na Painéil Saoránach náisiúnta agus Eorpach, agus ar an ionchur a baileofar ón Ardán Digiteach Ilteangach, arna ghrúpáil de réir téamaí, agus lánurraim á tabhairt do bhunphrionsabail an Aontais Eorpaigh agus do Chairt na Comhdhála, gan

⁴Faoi réir tuilleadh plé, d'fhéadfaí Cruinnithe Iomlánacha na Comhdhála agus na bPainéal Saoránach a reáchtáil in áitreabh Parlaimint na hEorpa. Beidh an Chomhrúnaíocht suite in aon áit amháin – go hidéalach sa Choimisiún – a luaithe a cheadóidh na dálaí sláintíochta sin.

⁵Glacfaidh comhaltáí eile den Choimisiún Eorpach páirt sa Chruinniú Iomlánach, go háirithe i gcás ina mbeidh saincheisteanna a bhaineann lena gcúraimí á bplé.

⁶Ionadaí amháin in aghaidh an Bhallstáit.

toradh réamhchinntithe a bheith ann agus gan an raon feidhme a theorannú do réimsí beartais réamhshainithe. Tar éis na moltaí sin a thíolacadh agus a phlé leis na saoránaigh, cuirfidh an Cruinniú Iomlánach a mholtaí⁷ ar aghaidh, ar bhonn comhthola, chuig an mBord Feidhmiúcháin.

Is gá 1/3 ar a laghad de gach chomhpháirt ar tugadh cuireadh di chuig an gCruinniú Iomlánach na Comhdhála a bheith i láthair chun go bhféadfar cruinniú a bheith ann. Déanfaidh Comhchathaoirligh an Bhoird Feidhmiúcháin an méid sin a fhíorú.

Airteagal 18

Conclúidí an Chruinnithe Iomlánaigh

Bunaithe ar phléití agus ar mholtaí Chruinniú Iomlánach na Comhdhála, déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin, ag gníomhú dó ar bhonn comhthola, tuarascáil a tharraingt suas, i ndlúthchomhar iomlán agus i dtrédhearcacht iomlán le Cruinniú Iomlánach na Comhdhála, agus foilseofar an tuarascáil sin ar an Ardán Digiteach Ilteangach.

Airteagal 19

Fógraí cruinnithe, féilire, clár oibre agus doiciméadacht

Déanfaidh na Comhchathaoirligh, thar ceann an Bhoird Feidhmiúcháin, Cruinnithe Iomlánacha na Comhdhála a chomóradh ar bhonn féilire arna chomhaontú ag an mBord Feidhmiúcháin. Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin an clár oibre do chruinniú Chruinniú Iomlánach na Comhdhála a mholadh, agus seolfaidh an Chomhrúnaíocht é leis na doiciméid ábhartha, mar riail ghinearálta i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, seacht lá oibre ar a dhéanaí roimh dháta an chruinnithe, mura gceanglaítear a mhalairt i gcásanna eisceachtúla práinne.

Airteagal 20

Seoladh na gCruinnithe

Déanfaidh Comhchathaoirligh an Bhoird Feidhmiúcháin cathaoirleacht chomhpháirteach ar Chruinnithe Iomlánacha na Comhdhála. Tíocfaidh na Comhchathaoirligh ar chomhaontú maidir le socrúithe cathaoirleachta a roinnt roimh gach cruinniú chun comhionannas eatarthu a áirithiú.

Áiritheoidh na Comhchathaoirligh go seolfar na pléití go cuí agus go hordúil agus féadfaidh siad aon bheart a dhéanamh a chabhróidh leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an am atá ar fáil a chur chun cinn, amhail an t-ord ina bpléifear na míreanna a eagrú, teorainn a chur leis an am labhartha agus an t-ord ina ndéanann na rannchuiditheoirí idirghabháil a chinneadh.

Molfaidh na Comhchathaoirligh don Chruinniú Iomlánach, nuair is iomchuí, go mbunófar meithleacha

⁷Ní mór teacht ar chomhthoil ar a laghad idir ionadaithe Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin Eorpaigh, agus ionadaithe ó na Parlaimintí náisiúnta, ar comhchéim. Más léir go bhfuil an seasamh iomlán éagsúil ó sheasamh a léirigh ionadaithe na saoránach sna himeachtaí náisiúnta agus/nó sna painéil saoránach Eorpach nó náisiúnta, ba cheart an méid sin a chur in iúl sa tuarascáil ón mBord Feidhmiúcháin.

téamacha, a mbeidh ionadaithe ó na painéil saoránach faoi seach rannpháirteach iontu⁸.

Déanfaidh na Comhchathaoirligh na módúlachtaí praiticiúla le haghaidh sheoladh chruinnithe Chruinniú Iomlánach na Comhdhála a bhunú go comhpháirteach, i gcomhréir leis na rialacha reatha agus leis an Dearbhú Comhpháirteach.

Tionólfar na cruinnithe i dteangacha oifigiúla uile an Aontais.

Airteagal 21

Suíomh na gcruinnithe

Tiocfaidh Cruinniú Iomlánach na Comhdhála le chéile in áitreabh Pharlaimint na hEorpa in Strasbourg, mura gcinnfidh na Comhchathaoirligh a mhalairt.

Cinnfidh Comhchathaoirligh an Bhoird Feidhmiúcháin an bhféadfaidh rannpháirtíocht a bheith i bpearsa nó go cianda nó go hibrídeach, i gcomhréir leis na rialacháin sláinte agus sábháilteachta is infheidhme atá i bhfeidhm.

Déanfaidh na Comhchathaoirligh cinneadh maidir leis an ardán leictreonach a roghnófar le haghaidh cruinnithe hibrídeacha agus cruinnithe fíorúla.

Airteagal 22

An Trédhearcacht

Déanfar cruinnithe Chruinniú Iomlánach na Comhdhála a bheoshruthú agus cuirfear doiciméid uile Chruinniú Iomlánach na Comhdhála ar fáil go poiblí ar an Ardán Digiteach Ilteangach.

Forálacha Críochnaitheacha

Airteagal 23

Déanfar toradh críochnaitheach na Comhdhála a thíolacadh i dtuarascáil chuig an Uachtaránacht Chomhpháirteach. Scrúdóidh na trí institiúid go pras conas is féidir obair leantach éifeachtach a dhéanamh i ndáil leis an tuarascáil sin, laistigh dá réimse inniúlachtaí féin agus i gcomhréir leis na Conarthaí.

Airteagal 24

Féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin na Rialacha Nós Imeachta a leasú nó a fhorlíonadh ar thogra ó Chomhchathaoirligh an Bhoird Feidhmiúcháin.

⁸ Féadfaidh na teaghlaigh pholaitiúla cácais a eagrú.

